Rewarding Learning

| Uimhir Lárionaid | |
|---|---|
| 71 | |

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2010–2011

# Eolaíocht: Teastas Dúbailte (Modúlach)

## Fórsaí agus Fuinneamh

## Triail Deireadh Modúil

## Bonnsraith

**C**

**[GDC01]**

GDC01

**DÉ hAOINE 25 FEABHRA 2011, MAIDIN**

**AM**

45 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** den **dá** cheist **déag**.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 50 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| Marc Iomlán | |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**1** Athraíonn micreafón fuinneamh **fuaime** ina fhuinneamh **leictreach**, mar a thaispeánann an tsreabhléaráid fuinnimh seo thíos.

Fuinneamh fuaime → Fuinneamh leictreach

Líon na spásanna thíos lena thaispeáint cad iad na hathruithe fuinnimh atá á gcur i bhfeidhm ag na gairis seo a leanas.

**(i)**




callaire

Fuinneamh leictreach → Fuinneamh ________

[1]

**(ii)**




dóire Bunsen

Fuinneamh ________ → Fuinneamh ________

[2]

**(iii)**

tóirse



Fuinneamh ________ → Fuinneamh leictreach → Fuinneamh ________

[2]

**2** Acmhainní in-athnuaite fuinnimh agus acmhainní neamh-in-athnuaite fuinnimh is ábhar don cheist seo.

**(a)** Ainmnigh dhá acmhainn fuinnimh ina bhfuil uisce reatha i gceist le leictreachas a ghiniúint.

________________________ agus ________________________ [2]

**(b)** Cén fhoinse in-athnuaite fuinnimh

**(i)** a bhíonn go domhain faoin talamh? ________________________

**(ii)** a bhfuil aer reatha i gceist ann?

________________________________________________ [2]

Caithfimid leanúint de bheith ag úsáid breoslaí iontaise.

**(c)** **(i)** Cad é is féidir linn a dhéanamh le go mairfidh breoslaí níos faide sula mbeidh siad ídithe?

________________________________________________

________________________________________________ [1]

**(ii)** Cén cineál d'fhoinsí fuinnimh a mbeidh orainn brath orthu ar deireadh thiar thall?

________________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**3** Agus é ag imirt cluiche peile, rith imreoir 2.64 km.

**(i)** Tiontaigh an fad seo ina mhéadair.

Fad = ____________________________ m [1]


**(ii)** Ba é 1200 s an t-am a ghlac an t-imreoir leis an fhad seo a rith.

Ríomh meánluas an imreora ina m/s.

**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint go soiléir.**

Meánluas = ____________________________ m/s [3]

**4** Taispeánann an léaráid scian á húsáid ag cócaire le peirsil a mhionghearradh.
Chuir an cócaire fórsa 8.0 N i bhfeidhm.




**(a)** Ríomh móimint an fhórsa 8.0 N thart ar an mhaighdeog.

**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint go soiléir.**

Móimint = ______________________ N cm [3]

**(b)** Ticeáil (✓) an bosca ceart lena thaispeáint cén treo a bhfuil móimint an fhórsa 8.0 N ag gluaiseacht.

Deiseal ☐

Go ceartingearach síos ☐

Tuathal ☐ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**5** Ar an phláinéad Iúpatar, tá an fórsa imtharraingthe **cúig** huaire chomh mór leis an fhórsa imtharraingthe ar an Domhan.

Is é 40 N meáchan castaire ar an Domhan.

**(a)** Cén meáchan a bheadh sa chastaire ar Iúpatar?

__________________________ N [1]

**(b)** Cén mhais a bheadh sa chastaire ar Iúpatar?

__________________________ kg [1]


**(c)** Ainmnigh an uirlis eolaíoch a bheadh in úsáid le meáchan an chastaire a thomhas ar Iúpatar.

__________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**6** Tá carr ag gluaiseacht chun tosaigh i líne dhíreach faoi luas **tairiseach**.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |




**(a)** Mar gheall ar an inneall, is é 20 kN an fórsa chun tosaigh.

**(i)** Ticeáil (✓) an ráiteas atá ceart

Tá an fórsa ar gcúl níos lú ná 20 kN ☐

Tá an fórsa ar gcúl cothrom le 20 kN ☐

Tá an fórsa ar gcúl níos mó ná 20 kN ☐ [1]

**(ii)** Cén t-ainm atá ar an fhórsa ar gcúl ar an charr?

________________________________________ [1]


**(b)** Mar gheall ar an inneall, méadaíonn an fórsa chun tosaigh go 30 kN.

Abair nach n-athraíonn an fórsa ar gcúl. Cad é a tharlóidh do luas an chairr ansin?

________________________________________ [1]

7 **(a)** Is é 6 cm fad nádúrtha lingeáin.

Nuair a chuirtear meáchan 3 N ar an lingeán is é 15 cm an fad iomlán atá ann ansin.




Cén meáchan a chuirfí ar an lingeán le go mbeadh fad iomlán de 27 cm ann?

**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**

Meáchan = ____________________ N [3]

**(b)** Cuir síos ina iomláine ar cad é a tharlóidh don lingeán má shíntear é os cionn na teorann leaistí aige agus má bhaintear an meáchan ar shiúl ansin.


________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**8** Rinne Siobhán fiosrú sa tsaotharlann ar nádúr dromchlaí ábhar lena fháil amach cén éifeacht a bhíonn acu ar ionsú teasa.

Bhí dhá shorcóir miotail in úsáid aici. Bhí na sorcóirí comhionann lena chéile ina gcruth agus ina méid. Chuir Siobhán teirmiméadar i ngach ceann acu.

Bhí dromchla dubh neamhlonrach ar cheann amháin de na sorcóirí agus bhí dromchla lonrach ar an cheann eile mar a thaispeánann an léaráid seo thíos.




Chuir Siobhán téitheoir radanta an fad céanna ón dá shorcóir.

I ndiaidh tamaill, bhí léamha difriúla ar an dá theirmiméadar.

**(a)** Mínigh ina iomláine cad chuige a raibh léamha difriúla orthu.

______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________[2]

**(b)** Mínigh cad chuige ar blaincéad alúmanaim a chuirtear thart ar othar, in amanna, leis an othar a choinneáil te.

______________________________________________________

______________________________________________________[1]

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|
| | |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**9** Tá meáchan 650 N sa sciálaí seo thíos. Is é 0.5 $m^2$ achar iomlán na scíonna nuair atá siad i dteagmháil leis an sneachta.



Ríomh an brú a chuireann an sciálaí i bhfeidhm ar an sneachta.

Cuimhnigh an t-aonad le haghaidh brú a chur isteach.

**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint go soiléir.**

Brú = ____________________________ [4]

**10** **(a)** Ní thig le haon mheaisín ar bith éifeachtacht níos mó ná 1 (100%) a bheith aige. Cad é a chiallaíonn sé seo?

______________________________________________________________

____________________________________________________________ [1]

**(b)** Tá 600 J d'fhuinneamh leictreach á sholáthar chuig mótar leictreach. Déanann an mótar 240 J d'obair úsáideach.


Ríomh éifeachtacht an mhótair leictrigh.

**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**

Éifeachtacht = ______________________________ [3]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**11** Tá mótar in úsáid ar láithreán tógála le bloc cloiche a ardú.




**(a)** Ríomh an obair a dhéantar leis an bhloc cloiche dar meáchan 720 N a ardú chuig airde 20 m.

**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**

Obair a dhéantar = ____________________ J [3]


**(b)** Ríomh cumhacht an mhótair má ghlacann sé 24 soicind leis an obair seo a dhéanamh.

**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**

Cumhacht = ____________________ W [3]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

**12** Taispeánann an léaráid amharc anuas ar liathróid atá á rothlú thart i gciorcal cothrománach.




**(a)** Cén t-ainm atá ar an fhórsa atá ag feidhmiú i dtreo lár an chiorcail?

_________________________ [1]

**(b)** Is é 2.5 kg mais na liathróide agus tá treoluas 8.0 m/s fúithi.

Ríomh móiminteam na liathróide.

**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**

Móiminteam = ____________________ kg m/s [3]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

Scrúdaitheoir Amháin
Marcanna | Athmharc

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

6978.02